



# An Garda Síochána

## Doiciméad Beartais

### Féiniúlacht Inscne san Ionad Oibre

---

Dáta Éifeachtach	An 1 Feabhra 2023
Uimh. an Leagain	1.0
Ceadaithe ag	Feidhmeannas an Gharda Síochána
Bunaithe ag	<u>Treoir Ceannteathrún 11 / 2023</u>
Úinéir an Bheartais	Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine

## Cuspóir

Tá an beartas seo forbartha de réir bheartas an Gharda Síochána maidir le Forbairt, Cur Chun Feidhme, Faireachán agus Athbhreithniú Beartais agus doiciméad gaolmhar. Ba cheart an Beartas seo a léamh i dteannta leis an mbeartas thuasluaite ina sonraítear na ceanglais agus na céimeanna atá le cur i gcrích i ndáil le gach gné d'Fhorbairt, Cur Chun Feidhme, Faireachán agus Athbhreithniú gach beartas agus doiciméad gaolmhar.

Tá An Garda Síochána tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach agus éagsúil a sholáthar inar féidir le Pearsanra an Gharda Síochána dul chun cinn a dhéanamh agus ina mbeidh meas ar agus luach luaite lena ndearcthaí agus iarrachtaí uathúla, ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Tá sé seo ag teacht le Gníomh 4c faoin gcolún dar teideal “Ár nDaoine” inár bPlean Straitéiseach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 2020-2021.

Mar thoradh ar achtú Acht um Inscne a Aithint, 2015, is féidir le haon duine atá os cionn 18 mbliana d'aois a rogha Inscne a fhéinfhógairt anois d'fhonn a chinntiú go gcaitear go dlíthiúil leis an duine sin bunaithe ar a rogha Inscne. Dá réir sin, is féidir le daoine iarratas a dhéanamh ar theastais bhreithe, ceadúnais tiomána, pasanna agus doiciméid dhlíthiúla eile nua ina mbeidh fianaise ar an athrú seo. Tá Éire i measc ceann den líon beag tíortha ar fud an domhain ina gceadaítear do dhaoine a bhfíor-Inscne a léiriú gan fianaise ar idirghabháil leighis a sholáthar. Ar aon dul leis na forbairtí dlíthiúla sin, is é cuspóir an bheartais seo a chinntiú go n-éascaítear ár bpearsanra, ar mian leo go mbeadh aitheantas á thabhairt dá bhféiniúlacht Inscne, chun é sin a dhéanamh ar bhealach a urramaíonn cearta daonna agus dínit gach duine.

## Raon

Tá feidhm leis an mbeartas seo agus leis na doiciméid ghaolmhara ar fad i ndáil le gach ball de An Garda Síochána agus gach ball foirne de chuid an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, tá feidhm leis i ndáil le hOifig Phóilíneachta de chuid Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht do An Garda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Ráiteas Beartais

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann luach leis na féiniúlachtaí Inscne éagsúla agus spreagann sé urraim a léiriú agus aitheantas a thabhairt dóibh. Is dlúthchuid dhearfach den duine é féiniúlacht agus léiriú inscne, agus d'fholláine agus de shásamh chomh maith.

Dá bharr sin, tá an méid seo a leanas á dhéanamh ag An Garda Síochána:

- Tacaíonn An Garda Síochána le timpeallacht ionchuimsitheach ina léirítear dínit agus meas, inar féidir le gach duine barr a c(h)umais a bhaint amach, saor ó idirdhealú. Ní ghlacann An Garda Síochána le ciapadh, bulaíocht nó idirdhealú a bhfuil aon Bhall de Phearsanra an Gharda Síochána freagrach as/aisti, bunaithe ar fhéiniúlacht agus léiriú Inscne.
- Urramaíonn An Garda Síochána príobháideachas gach Pearsanra den Gharda Síochána agus ní nochtóidh sé aon fhaisnéis a bhaineann le féiniúlacht nó stádas Inscne duine gan comhaontú roimh ré nó de réir ceanglas reachtúil.
- Tacaíonn An Garda Síochána le timpeallacht ina mbeidh gach duine a roghnaíonn eolas maidir lena bhféiniúlacht Inscne a roinnt á n-urramú agus sábháilte, timpeallacht ina mbeidh deis rannpháirtíochta ag gach duine agus ina mbeidh fáilte roimh chách.



- Tacaíonn An Garda Síochána le agus tá sé tiomanta do chóiríocht réasúnach a chur ar fáil d'aon Phearsanra de chuid an Gharda Síochána atá i mbun Aistrithe shóisialta nó míochaine inscne.
- Éascaíonn An Garda Síochána gach Pearsanra de chuid an Gharda Síochána ar mian leo a dtaifid phearsanta a nuashonrú ionas go mbeidh siad ag teacht lena bhféiniúlacht Inscne trí phróisis shoiléire agus inrochtana agus tugtar aird ar chúrsaí rúndachta i rith an phróisis ar fad.
- Spreagann agus éascaíonn An Garda Síochána oiliúint agus feasacht foirne chun timpeallacht thacúil agus ghlactha a chruthú, a thacóidh le cultúr d'éagsúlacht agus de chomhionannas.
- Tá An Garda Síochána tiomanta do dheireadh a chur le hidirdhealú Inscne neamhriachtanach laistigh de An Garda Síochána.
- Forbróidh agus cuirfidh An Garda Síochána an beartas seo maidir le féiniúlacht Inscne i bhfeidhm de réir dea-chleachtais chomh fada is a bhaineann le reachtaíocht, beartas agus treoirlínte Rialtais.
- Cuirfidh An Garda Síochána gach céim réasúnach i gcrích chun tacaíocht oiriúnach a sholáthar d'fhonn a chinntiú go bhfuil féiniúlacht Inscne á hurramú agus go bhfuil timpeallacht ionchuimsitheach saor ó idirdhealú á cruthú.
- Tacóidh An Garda Síochána le Pearsanra an Gharda Síochána i ndáil le ceisteanna a bhaineann le féiniúlacht Inscne agus léiriú Inscne.
- Tacóidh agus tarraingeoidh An Garda Síochána aird ar fhéiniúlacht Inscne laistigh de An Garda Síochána.

### Breithniúcháin a bhaineann le Cearta an Duine

Tá an beartas seo ailínithe le freagrachtaí an Gharda Síochána faoi Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, freisin inar bunaíodh dualgas dearfach ar chomhlachtaí na hearnála poiblí chun deireadh a chur le hidirdhealú agus tacú le comhdheiseanna agus a chinntiú go dtugtar an chóir chéanna do gach duine. I láthair na huair, níl aon phróiseas sonraithe sa dlí chun saintréithe solúbthacht Inscne nó neamh-inscne a shainaithint i ndaoine aonair.

### Comhlíontacht

Caithfidh gach Ball de An Garda Síochána agus gach ball foirne den Gharda Síochána an beartas seo agus an doiciméad gaolmhar/na doiciméid ghaolmhara ar fad a chomhlíonadh.

### Doiciméid Ghaolmhara

- [Treoir Ceannteathrún 30/2021](#) - Éide agus gnás feiste laistigh de An Garda Síochána.

### Scagadh Dlíthiúil & Chearta an Duine

Rinneadh scagadh dlíthiúil agus chearta an duine ar an mbeartas seo i ndáil leis na hoibleagáidí faoi seach atá ar An Garda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

### Caighdeán & Gealltanais Eiticiúla

Ní mór do gach duine atá ag obair in An Garda Síochána aird a thabhairt air agus cloí leis na caighdeán agus gealltanais atá sonraithe in [An Cód Eitice](#) do An Garda Síochána agus cloí le agus tacú leis an gcód seo ar fud na heagraíochta.



## Athbhreithniú Beartais & Nóis Imeachta

Athbhreithneofar an beartas seo agus na doiciméid ghaolmhara 12 mhí i ndiaidh an dáta éifeachtaigh agus gach trí bliana ina dhiaidh sin.

## Séanadh

Níl sé beartaithe go nglacfar leis an doiciméad seo mar chomhairle dlí, agus ní hionann é agus comhairle dlí ar ar féidir brath i ndáil leis an limistéar ábhair atá sonraithe ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

## Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - Treoir maidir le hÚdaráis Phóilíneachta agus Cheartais Choiriúil

Próiseálfaidh gach Pearsanra de chuid an Gharda Síochána sonraí pearsanta do chríocha sonraithe agus dóibh sin amháin agus laistigh den bhonn dlí atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679) agus Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart is gá i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go gcoimeádtar sonraí pearsanta sábháilte agus slán, agus ní bheidh rochtain ar shonraí pearsanta ach ag pearsanra údraithe. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choimeádfar sonraí pearsanta le haghaidh tréimhse níos faide ná mar is gá. Ceanglaítear ar an bpearsanra ar fad a chinntiú go gcloítear le cearta cosanta sonraí daoine aonair agus go bhfuil aon sárúithe amhrasta ar shonraí á sainaithint agus á maolú.